# Nuachtlitir Mí na Samhna 2025

**Fáilte arais gach duine!**
**Tá súil againn go raibh briseadh álainn agaibh.Bíonn an leath-téarma seo gnóthach, ach bíonn sé thar a bheith speisialta i gcónaí.**
**Ba mhaith linn ár mbuíochas ó chroí a ghabháil as bhur dtacaíocht le linn ár ndíolachán cístí Oíche Shamhna. Rinne bhur bhflaithiúlacht difríocht shuntasach, rud a chuidigh linn €1,163 a bhailiú! Bhí sé iontach ár bpobal a fheiceáil ag teacht le chéile, agus ní fhéadfaimis é a dhéanamh gan gach duine agaibh. Ní hamháin gur éirigh go maith leis an imeacht mar gheall ar bhur rannpháirtíocht ach chruthaigh sé cuimhní buana dár bpáistí freisin.**

*Welcome back everyone!*
*We hope you had a lovely break. This half term is a busy one, but it is always extra special.*
*We would like to express our thanks for your support during our Halloween cake sale. Your generosity helped us raise €1,163! It was great to see our community come together, and we couldn't have done it without each and every one of you. Not only was the day a roaring success, but it also created lasting memories for our children.*

## Cúrsaí Scoile

**- I rith an bhriseadh bhí obair tógala ar siúl sa scoil ar an gclós. Is dócha go bhfuil an obair seo tógtha faoi deara agaibh…cinnte mothaíonn na páistí an difir ollmhór. Beidh péint agus ealaín á leagadh síos an deireadh seachtaine seo agus ansin i Mí Eanáir beidh athchóireamh á dhéanamh ar an bhféar, chun ár bpáirc peile a fheabhsú. Táimid ag súil go mór le infheistíocht a dhéanamh ar threalamh spraoi don chlós spraoi bheag agus don chlós mór go luath, le cabhair ón tiomsiú airgid scoile. Buíochas le hAaron a bhí ar fáil taobh amuigh de am scoile chun idirghabháil a dhéanamh leis na tógáilithe.**

*During the mid-term break construction work was ongoing in the school yard. You have probably noticed this yourselves…I'm sure the children feel the huge difference. Paint and art will be put down this weekend and then in January the grass will be resurfaced, to improve our football pitch. We are looking forward to investing in some play equipment for the small playground and also some climbing frames etc for the large playground soon, with the funds from the recent school fundraisers. Thanks to Aaron who made himself available outside of school hours to mediate with the construction workers.*

**-Táimid ag tnúth le ceiliúradh a dhéanamh ar sheachtain na hEolaíochta an tseachtain seo chugainn ar scoil. Beidh go leor turgnaimh spraíúla agus foghlama teibí ar siúl sna seomraí ranga. Má tá suim ar leith ag aon pháiste san eolaíocht agus má tá turgnaimh, leabhair nó scéalta acu ar mhaith leo a roinnt lena rang, tugaimid cuireadh dóibh iad a thabhairt isteach ar scoil an tseachtain seo chugainn. Cuirfear eolais agus griangraif abhaile tríd Aladdin i rith na seachtaine seo.**

*We are looking forward to celebrating Science Week next week at school. There will be lots of fun experiments and abstract learning taking place in the classrooms. If any children have a particular interest in science and have experiments, books or stories they would like to share with their class, we invite them to bring them into school next week. Information and photographs will be sent home via Aladdin during this week.*

**-Creid nó ná creid táimid faoi lán tseoil ag pleanáil do Nollaig 2025. Chuaigh sampla do chárta Nollag a dhear do pháiste abhaile roimh an bhriseadh. Ní mór do chuile duine cinntiú go bhfuil ainm do pháiste i gceart ar an gcárta, agus do ordú a chrochadh ar Aladdin roimh an 9ú Samhain, le bhur dtoil. Is tionscamh tiomsiú airgid don scoil iad na cártaí Nollag agus d'éirigh go hiontach leis an coincheap i mblianta eile.**
**-Ma tá spéis ag aon chlann na bliainiris Súgradh/Spraoi srl a cheannach, beidh ordú scoile á chur isteach againn go luath. Faoi láthair tá nasc e-payment ar Aladdin agus gheobhaidh tú an eolas ar fad ó Abina tríd an aip.**
**-Rinneamar cinneadh foirne ag an Nollaig anuraidh, nach mbeidh 'Seó na Nollag' a eagrú chuile bhliain as seo amach. Tuigimid cinnte gur rud fíor-specialta é agus go mbainimid an-sult as, mar dhaoine fásta. Ach ní bhaineann chuile pháiste sult as an méid cleachtadh agus ama a bhíonn ann chun seó a ullmhú. Ní bhaineann chuile pháiste sult as seasamh os comhair slua nó an brú a chuireann sé ar shaol an tseomra ranga roimh ré. Tá sé aontaithe againn go mbíonn an-chuid am foghlama curtha ar leath-taobh chun seó a ullmhú agus go bhfuil sé sásúil é seo a dhéanamh gach dara bhliain. Míle buíochas libh as ucht bhur dtuisceana ar an ábhar seo. I mbliana tá turais ranga agus laethanta speisialta eile eagraithe againn dos na páistí. Beidh eolas agus nascanna íocaíochta á sheoladh amach go luath maidir leis na turais seo. Beimid ag coinneáil an phraghas comh íseal is gur féidir linn, tuigimid go mbíonn an-chuid brú airgid ar chlainne, go háirithe ag an am seo den bhliain.**
**Táimíd ag súil go mór le tréimhse na Nollag ar scoil agus an draíocht a thagann leis!**

*Believe it or not we are busy planning for Christmas 2025. A sample of your child's designed Christmas card went home with them before the break. Everyone must ensure that your child's name is correct on the card, and your order processed through Aladdin before the 9th of November, please. The Christmas cards are a fundraising initiative for the school and have been very successful over the past two years.*
*If any families are interested in the Súgradh/Spraoi annual, we will be submitting a school order soon. There is currently an e-payment link on Aladdin and you will get all the information from Abina through the app.*
*We made a staff decision at Christmas last year that we would no longer be organising a 'Christmas Show' every year from now on. We certainly understand that it is something very special and we really enjoy it as adults. However, not every child enjoys the amount of practice and time that goes into preparing a show. Not every child enjoys standing in front of a crowd or the pressure it puts on classroom life beforehand. We agreed that a lot of essential learning time is set aside to prepare a*

*show and that it is adequate to do this every second year. Thank you all for your understanding on this matter. This year we have organised class trips and other special days for the children. Information and payment links will be sent out soon regarding these trips. We will keep the price as low as possible, we understand that families are under a lot of financial pressure, especially at this time of year.*
*We are really looking forward to the Christmas period in school and the magic that inevitably comes with it!*

### Rollú 25/26

**-Bhí an fhuinneog iontrála don scoilbhliain seo chugainn ar oscailt i Mí Dheireadh Fómhair. Le 123 pháiste sa scoil i mbliana, tá an scoil ag dul ó neart go neart. Faoi láthair tá 7 rang againn sa scoil. 6 rang príomhsrutha agus rang uathachais amháin. Tá chuile rang sa scoil, seachas Rang a 1 agus Rang a 4 lán. Bíonn chuile rang sa scoil ag feidhmiú trí Ghaeilge agus tugtar tús áite do chlainne atá ag tógáil a gcuid páistí trí Ghaeilge, mar a dhéantar i chuile Ghaelscoil.**
**Le 7 n-áit tógtha ó siblíní sa scoil, fágann sin 70 páiste a chuir isteach ar 21 áit sa rang na gCrosóg Mhara 2026/27. Beidh áiteanna á ofráil ar spásanna sna scoileanna ar fad i nDomhnach Bat ar an lá céanna, sin Dé hAoine 21ú Samhain.**

*The admissions window for the next school year opened in October. With 123 children in the school this year, the school is going from strength to strength. We currently have 7 classes in the school. 6 mainstream classes and one autism class. Every class in the school, except for 1st and 4th class, is full. Every class in the school operates through the medium of Irish and priority is given to families who are raising their children through the medium of Irish, as is done in all Gaelscoileanna.*
*With 7 places automatically taken through siblings in the school, that leaves 70 children who applied for 21 places in the 2026/27 Crosóg Mhara class. Places will be offered in all schools in the Donabate area on the same day, which is Friday 21st November.*

### Costais Thús Bliana

**Míle buíochas do chuile dhuine a d’íoc costais thús bliana go dtí seo. Ba chóir na costais seo a íoc tríd Aladdin. Cuimsíonn an íocaíocht seo árachas pearsanta an pháiste, costais fhótacóipeál agus roinnt fearas ealaíne. Má tá aon deacracht maidir leis an gcostas seo a chlúdach bí cinnte teagmháil a dhéanamh leis an oifig, is féidir linn an costas a scaipeadh thar thréimhse ama, dá mbeadh sin ina chabhair d’aon chlann.**

*Many thanks to all who have paid the annual costs to date. This cost can be paid through the link sent out through your Aladdin account. These costs cover your child's 24hour personal insurance, photocopying costs and certain art and craft material. If you have any issue with covering this cost please do not hesitate to contact the school office or Múinteoir Orlaith, we can spread these costs out over a number of weeks if this would be helpful.*

### Ranganna Iar-scoile

**-Tá na ranganna ceoil tosaithe sa scoil an tseachtain seo le Múinteoir Nicole (fidil) agus Múinteoir Máille (feadóg stáin) an tseachtain seo chugainn. Go n-éirí leis na páistí leis an tionscainmh seo. Is pribhléid ollmhór é uirlis cheoil a fhoghlaim ag aois óg, a thugann buntáistí a mhairfeadh go deo.**
**nicole@gaelscoilnamara.ie**
**maille@gaelscoilnamara.ie**
*Formal musical instrument classes have started as an extracurricular activity in school this week with Múinteoir Nicole and Múinteoir Máille. Good luck to all the children in their endeavours. Learning a*

*musical instrument at a young age is a profound privilege that offers countless benefits that last a lifetime.*

**-Tá Múinteoir Jessie ag tabhairt faoi chlub Lego don tréimhse seo agus bhain grúpa ollmhór an sult agus sup as an gcéad seisiúin an tseachtain seo. Is ábhar suntasach é an Lego a bhíonn ní amháin mar bhréagáin den scoth, ach rud a mhúineann foighne, conas treoir a leanúint agus an cruthaíocht a mhúscailt. Táim in éad leo siúd a bhíonn ag freastal ar an gclub seo!**
**[jessie@gaelscoilnamara.ie](mailto:jessie@gaelscoilnamara.ie)**
*Múinteoir Jessie has taken over the Lego club this term and a huge group enjoyed their first session this week. Lego is a remarkable tool that not only makes a great toy, but also teaches patience, how to follow directions and sparks creativity. I am very envious of those who are attending the club!*

**-Thosaigh an club fichille arais Dé Céadaoin seo don ghrúpa a thosaigh amach ag tús na bliana. Tabharfar tús áite do pháistí nua sa chlub seo i Mí Eanáir. We hope to organise some chess competitions with other schools or maybe something involving the chess club as part of Seachtain na Gaeilge 2026.**
**[sineadb@gaelscoilnamara.ie](mailto:sineadb@gaelscoilnamara.ie)**
*Chess Club has resumed on Wednesday afternoons, for the group involved from the start of the year. Any child who wants to take part and hasn't had the chance yet, will be given first refusal on the uptake list in January. We plan to organise some chess games/competitions with other schools in the future and hopefully can organise a special day for the chess club during Seachtain na Gaeilge 2026.*

**-Thosaigh Cúntóir Andrea lena Club Puzail inniu agus leanfar leis go dtí Déardaoin 11ú Nollaig - bainigí sult as an obair intinne ann a pháistí!**
**[andrea@gaelscoilnamara.ie](mailto:andrea@gaelscoilnamara.ie)**
*Cúntóir Andrea's started her Puzzle Club this Thursday and this will continue for the children who have registered until Thursday 11th December - we hope the children will enjoy putting their thinking caps on for these sessions!!*

**Tá na seoltaí rphoist dos na bainisteoirí chlub thuasluaite.**
*Please find contact details for all managing these afterschool activities above.*

## Coiste Glas na Scoile

**-Tá an Choiste Glas Scoile ag obair go tréan ar théama na bliana - Athchúrsáil agus Athúsáid. Beimid ag cur isteach ar ár gcéad bhrat glas scoile roimh an sprioc-dáta don 3ú Nollaig i mbliana. Níl aon dabht againn go mbronnfar an brat orainn mar scoil, leis an méid oibre atá déanta go dtí seo. Meabhrú go bhfuil an bosca bruscar buí sa charrchlós scoile mar chuid den fheachtas seo. Comh maith leis an gcaoi a dtógann chuile pháiste a mála níocháin ar scoil ó R1-R4. Tá seo théis ghearradh siar mór a dhéanamh ar an méid bruscar a chruthaíonn na páistí. Tá sé tábhachtach go mbíonn an mála níocháin ag na páistí agus go dtabharfaidh sibh moladh dóibh as ucht iad a úsáid ar scoil.**
**Tá boscaí bruscair speisialta eile do duilleoga amháin sa charrclós d'éinne atá ag iarraidh málaí duilleoga a thabhairt ar scoil. Tá a fhios ag na páistí go mbíonn na duilleoga seo ag briseadh síos go cré théis tamaill agus is féidir linn an cré seo a úsaid i ngáirdín na scoile. Focal buíochais do Neil Mac Uidhir agus Cúntóir Theresa a bhíonn ag obair go tréan sa gháirdín le tacaíocht ó pháistí na scoile dár ndóigh!**

*The Green School Committee is working hard on this year's theme - Recycling and Reuse. We will be applying for our first green school flag before the deadline of December 3rd this year. We have no doubt that we will be awarded the flag as a school, with the amount of incredible work that has been undertaken so far. Reminder that the yellow bin in the school car park is part of this concept. As well as the way that every child takes their own wash bag to school from R1-R4. This is to make a big cut back on the amount of litter that the children create, through paper hand towels. It is important that the children have their wash bag every day and that they are encouraged and praised for using them at school.*
*In addition, there are special bins for leaves in the car park for anyone who wants to bring bags of leaves to school. The children know that these leaves break down into clay over time and we can use this clay in the school garden. A quick word of thanks to Neil Mac Uidhir and Cúntóir Theresa who work tirelessly in the garden with help of the school children of course!*

### Teicneolaíocht sa scoil

**-Le bliain anuas, agus buíochas mór le tacaíocht agus flaithiúlacht ár dtuismitheoirí agus an phobail scoile, d'éirigh linn airgead a shábháil agus a chruinniú chun infheistíocht a dhéanamh i roinnt iPadanna breise don scoil. Táimid an-sásta a rá anois go bhfuil 18 iPad againn atá ar ár n-ardán scoile le húsáid do mhúineadh stáisiúin, obair thionscadail, agus réimsí foghlama eile. Tuigimid go maith go bhfuil imní ag go leor daoine faoi úsáid teicneolaíochta ag páistí. Aontaímíd leis na tuairimí sin, ní ceart do pháistí foghlaim ó scáileán, ach foghlaim trí scáileán nuair a úsáidtear é ar bhealach cuí agus cothrom. Cinntímid mar sin go n-úsáidtear an teicneolaíocht chun foghlaim a fheabhsú agus a thacú léi, seachas fáil réidh leis na modhanna traidisiúnta. Nuair a úsáidtear go stuama í, is féidir le teicneolaíocht deiseanna nua a oscailt don chruthaitheacht, don fhoghlaim neamhspleách agus don dúshlán pearsanta. Is uirlis luachmhar í freisin do pháistí a bhfuil disléicse nó dísgráfaí orthu.**

**De réir mar a théann ár bpobal scoile in aois, táimid ag tnúth le feiceáil conas a úsáidfidh na páistí na hIpadanna bhreise seo chun iniúchadh, comhoibriú agus foghlaim a dhoimhniú sna míonna agus blianta amach romhainn. Míle buíochas le hAbina a chaith tráthnóntaí ag lochtú, ag uasdátú ags ag cur clúdaigh ar na hIpadanna nua dúinn!!**

*Over the past year, thanks to the generosity and support of our parents and wider school community, we have been able to save and fundraise enough to invest in additional school iPads. We are delighted to share that we now have 18 iPads available on our school platform for station teaching, project work, and other areas of learning. We are very aware of the growing concerns around children's use of tablets and technology. As educators, we share many of these views, children should not learn from screens but rather learn through them when used in a purposeful and balanced way. Our approach ensures that technology is used to enhance and support learning, not replace traditional methods. When used thoughtfully, technology can open new opportunities for creativity, independent learning, and personal challenge. It can also be a powerful tool for children with learning differences such as dyslexia or dysgraphia.*

*As our school community continues to grow older, we are excited to see how the children will use these additional iPads to explore, collaborate, and deepen their learning in the months and years ahead. Many thanks to Abina who spent many a long afternoon charging, updating and putting covers on all of our new iPads!!*

## Dátaí don Dialann

**Traenáil do Mhúinteoirí/Chúntóirí/Rúnaí ar na Treoirlínte nua do Chumhacht Leanaí - Scoil Dúnta Dé hAoine 28ú Samhain 2025**

*Teacher/ANA/Secretary Training for New Child Protection Procedures*
*- School will be closed Friday 28th November 2025*

**Céadaoin 3ú Nollaig - Turas na Nollag R1 - R4**
*Wednesday 3rd December - Christmas adventure for R1-4*

**Déardaoin 11ú Nollaig - Turas na Nollag N1 & N2**
*Thursday 11th December - Christmas adventure for N1 & N2*

**Dé Máirt 16ú Nollaig - Lá na nGeansaithe Nollag ar son Naomh Uinseann de Pól**
*Tuesday 16th December - Christmas Jumper Day in aid of St. Vincent de Paul*

**Dé Céadaoin 17ú Nollaig - Turas Mistéireach do R3 agus 4!**
*Wednesday 17th December - Mystery Tour for R3 and 4!*

**Laethanta Saoire na Nollag - Dúnfar an scoil ag 11:50 Aoine 19ú Nollaig**
*Christmas Holidays - School will close at 11:50 Friday 19th December*

**Arais ar scoil - Dé Luain 5ú Eanáir 2026**
*Back to school - Monday 5th January 2026*

**Le dea-ghuí agus buíochas,**
**Orflaith.**